C/2025/5002

11.9.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12064 — STRABAG / WTE)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/5002)

1. An 2 Meán Fómhair 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle agus tar éis tarchur de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán sin ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— STRABAG AG ('STRABAG', an Ghearmáin), atá faoi rialú STRABAG SE (an Ostair),

— WTE Wassertechnik GmbH ('WTE', an Ghearmáin), atá faoi rialú EVN AG (an Ostair).

Gheobhaidh STRABAG rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar WTE ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá STRABAG ag gabháil do gach réimse den tionscal foirgníochta agus don slabhra luacha foirgníochta ar fad, ó phleanáil agus dearadh go tógáil, oibriú agus bainistiú saoráidí go dtí athfhorbairt nó scartáil,

— Tá WTE ag gabháil do phleanáil, innealtóireacht, soláthar agus tógáil, chomh maith le hoibriú agus cothabháil agus maoiniú gléasraí le haghaidh soláthar uisce, diúscairt agus cóireáil fuíolluisce, chomh maith le loscadh agus úsáid sloda theirmigh.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12064 — STRABAG / WTE

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË